CINNEADH (AE) 2022/368 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 18 Feabhra 2022

lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/2218 maidir leis an nós imeachta i ndáil le baill foirne a eisiamh ón toimhde go bhfuil tionchar ábhartha acu ar phróifíl riosca institiúide creidmheasa faoi mhaoirseacht (BCE/2022/6)

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 127(6) agus Airteagal 132 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 ina dtugtar cúraimí sainiúla don Bhanc Ceannais Eorpach i dtaca le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta institiúidí creidmheasa ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaíodh le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 604/2014 ón gCoimisiún ([2]) critéir cháilíochtúla agus chainníochtúla iomchuí chun catagóirí ball foirne a shainaithint a mbíonn tionchar ábhartha ag a ngníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl riosca institiúide. Bunaíodh leis chomh maith nós imeachta trína bhféadfaidh institiúid a chinneadh, cé go gcomhlíonann ball foirne na critéir chainníochtúla, nach meastar go bhfuil tionchar ábhartha ag a ghníomhaíochtaí/gníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl riosca na hinstitiúide, agus bunaithe ar an gcinneadh sin féadfaidh sí fógra a thabhairt don údarás inniúil, nó údarú a iarraidh uaidh, chun an ball foirne ábhartha a eisiamh ón toimhde go bhfuil tionchar ábhartha ag a chuid/cuid gníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl riosca na hinstitiúide. Ghlac BCE, atá freagrach as a áirithiú go gcuirfidh na heintitis atá faoina mhaoirseacht dhíreach na rialacha maidir le baill foirne a shainaithint i bhfeidhm ar bhealach comhleanúnach lena gcosnaítear fóntacht aitheantais ar bith dá leithéid, Cinneadh (AE) 2015/2218 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2015/38) ([3]) chun soiléireacht a sholáthar maidir leis an nós imeachta i ndáil le baill foirne a eisiamh arna leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 604/2014.

(2) I ndiaidh leasuithe ar Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), aisghaireadh Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 604/2014 le haghaidh institiúidí creidmheasa agus cuireadh Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923 ón gCoimisiún ([5]) ina ionad ar an 14 Meitheamh 2021, a thagann le dréachtchaighdeáin theicniúla rialála nua chun na coincheapa maidir le freagracht bhainistíochta, feidhmeanna rialúcháin, aonaid ghnó ábhartha agus tionchar suntasach ar phróifíl riosca aonaid gnó ábhartha a shainiú, agus chun baill foirne nó catagóirí ball foirne a shainaithint dá dtagraítear faoi Airteagal 94(2), pointe (c), de Threoir 2013/36/AE. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923, cuirtear deireadh leis an nós imeachta um fhógra freisin agus leagtar amach critéir chun na himthosca eisceachtúla a mheas de bhun Airteagal 6(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923.

(3) Chun cinnteacht dhlíthiúil a áirithiú d'institiúidí creidmheasa a chuir fógraí agus iarratais isteach de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 604/2014 nó iarratais ar chead roimh ré de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923 sula dtiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm, is gá bearta idirthréimhseacha a bhunú.

([1]) IO L 287, 29.10.2013, lch. 63.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 604/2014 ón gCoimisiún an 4 Márta 2014 lena bhforlíontar Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i ndáil le critéir cháilíochtúla agus chainníochtúla iomchuí chun catagóirí ball foirne a shainaithint a mbíonn tionchar ábhartha ag a ngníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl riosca institiúide (IO L 167, 6.6.2014, lch. 30).

([3]) Cinneadh (AE) 2015/2218 ón mBanc Ceannais Eorpach an 20 Samhain 2015 maidir leis an nós imeachta i ndáil le baill foirne a eisiamh ón toimhde go bhfuil tionchar ábhartha acu ar phróifíl riosca institiúide creidmheasa faoi mhaoirseacht (BCE/2015/38) (IO L 314, 1.12.2015, lch. 66).

([4]) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923 ón gCoimisiún an 25 Márta 2021 lena bhforlíontar Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena leagtar amach na critéir chun freagracht bhainistíochta, feidhmeanna rialúcháin, aonaid ghnó ábhartha agus tionchar suntasach ar phróifíl riosca aonaid gnó ábhartha a shainiú, agus lena leagtar amach na critéir chun baill foirne nó catagóirí ball foirne a shainaithint a mbíonn tionchar ag a gcuid gníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl riosca na hinstitiúide atá chomh hábhartha céanna le baill foirne nó catagóirí ball foirne dá dtagraítear in Airteagal 92(3) den Treoir sin (IO L 203, 9.6.2021, lch. 1).

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2015/2218 (BCE/2015/38) a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe

Leasaítear Cinneadh (AE) 2015/2218 (BCE/2015/38) mar a leanas:

1. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

"*Airteagal 1*

Raon feidhme

Leagtar síos leis an gCinneadh seo na ceanglais nós imeachta maidir leis an iarratas ar chead roimh ré a chuirfidh institiúidí creidmheasa faoi mhaoirseacht faoi bhráid BCE chun baill foirne nó catagóirí ball foirne a eisiamh ón toimhde gur baill foirne shainaitheanta iad bunaithe ar na critéir chainníochtúla arna mbunú in Airteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923 ón gCoimisiún (*).

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923 ón gCoimisiún an 25 Márta 2021 lena bhforlíontar Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena leagtar amach na critéir chun freagracht bhainistíochta, feidhmeanna rialúcháin, aonaid ghnó ábhartha agus tionchar suntasach ar phróifíl riosca aonaid gnó ábhartha a shainiú, agus lena leagtar amach na critéir chun baill foirne nó catagóirí ball foirne a shainaithint a mbíonn tionchar ag a gcuid gníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl riosca na hinstitiúide atá chomh hábhartha céanna le baill foirne nó catagóirí ball foirne dá dtagraítear in Airteagal 92(3) den Treoir sin (IO L 203, 9.6.2021, lch. 1).";

2. in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (3):

"(3) ciallaíonn 'ball foirne sainaitheanta': (a) gach ball foirne agus catagóirí baill foirne in institiúid creidmheasa faoi mhaoirseacht a bhfuil tionchar ábhartha ag a ghníomhaíochtaí/gníomhaíochta gairmiúla ar phróifíl riosca na hinstitiúide creidmheasa agus a shonraítear in Airteagal 92(3), pointí (a) go (c), de Threoir 2013/36/AE; agus (b) gach ball foirne eile agus catagóirí ball foirne nach sonraítear go sainráite in Airteagal 92(3), pointí (a) go (c), de Threoir 2013/36/AE agus a bhfuil tionchar ag a ghníomhaíochtaí/gníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl riosca institiúide creidmheasa faoi mhaoirseacht atá chomh hábhartha céanna le próifíl na mball foirne nó na gcatagóirí ball foirne dá dtagraítear in Airteagal 4 den Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923.";

3. leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

"1. Beidh an fhaisnéis seo a leanas in iarratas ar chead roimh ré dá dtagraítear in Airteagal 6(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923 do dheireadh na bliana airgeadais roimhe sin agus don bhliain airgeadais reatha:";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1, pointe (e) agus pointe (f):

"(e) líon na mball foirne sainaitheanta bunaithe ar na critéir cháilíochtúla arna mbunú in Airteagal 92(3), pointe (a) agus pointe (b), de Threoir 2013/36/AE agus in Airteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923;";

"(f) líon na mball foirne sainaitheanta bunaithe go heisiach ar na critéir chainníochtúla arna mbunú in Airteagal 92(3)(c) de Threoir 2013/36/AE agus in Airteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923, mar aon le léiriú maidir le cé acu ceann de na catagóirí a shonraítear in Airteagal 92(3)(c) de Threoir 2013/36/AE nó in Airteagal 6(1)(a) nó (b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923, a mbaineann gach ball foirne sainaitheanta leis;";

(c) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

"2. Cuimseofar an fhaisnéis seo a leanas in iarratas ar chead roimh ré dá dtagraítear in Airteagal 6(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923 le haghaidh gach ball foirne a n-iarrtar Airteagal 6(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923 a chur i bhfeidhm ina leith:";

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2, pointe (d):

"(d) méid iomlán an luacha saothair in euro agus an cóimheas idir an luach saothair inathraithe agus an luach saothair seasta arna dhámhadh ar an mball foirne sa bhliain tagartha;";

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2, pointe (f):

"(f) na critéir chainníochtúla ar measadh ar a mbonn gur baill foirne shainaitheanta é nó í an ball foirne (Airteagal 6(1)(a) nó (b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923);";

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2, pointe (g):

"(g) na critéir ar a n-iarrtar an cead roimh ré faoi Airteagal 6(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923 i ndáil leis an mball foirne (Airteagal 6(2)(a) nó (b) den Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923).";

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Cuimseofar in iarratas ar chead roimh ré dá dtagraítear in Airteagal 6(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923 an tuarascáil bhliantúil maidir le measúnú iniúchta inmheánaigh nó sheachtraigh ar phróiseas um shainaithint an bhaill foirne sainaitheanta agus a thorthaí i leith gach ball foirne a n-iarrfar cead roimh ré faoi Airteagal 6(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923.";

4. leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

"**Na doiciméid a theastaíonn lena dhearbhú nach ndéanann an ball foirne nó an chatagóir ball foirne ach gníomhaíochtaí gairmiúla in aonad gnó nach aonad gnó ábhartha é agus nach bhfuil ach údaráis aige nó aici ann**";

(b) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

"1. Agus cead roimh ré dá dtagraítear in Airteagal 6(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923 á iarraidh, cuirfidh institiúidí creidmheasa faoi mhaoirseacht na doiciméid seo a leanas faoi bhráid BCE lena dhearbhú nach ndéanann an ball foirne nó an chatagóir ball foirne lena mbaineann an ball foirne ach gníomhaíochtaí gairmiúla in aonad gnó nach aonad gnó ábhartha é agus go bhfuil údaráis aige nó aici ann, dá dtagraítear in Airteagal 6(2)(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923:";

(c) i mír 1, cuirtear an pointe (da) seo a leanas isteach:

"(da) ráiteas ina dtugtar údar leis an gcúis nach meastar go bhfuil tionchar ábhartha ag an aonad gnó ar shlí eile ar chaipiteal inmheánach na hinstitiúide creidmheasa faoi mhaoirseacht;";

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1, pointe (e):

"(e) ráiteas ina mínítear an fáth ar dhámh an institiúid creidmheasa faoi mhaoirseacht luach saothair a chomhlíonann na critéir arna mbunú in Airteagal 6(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923 don bhall foirne, nó don chatagóir ball foirne lena mbaineann an ball foirne cé go ndéanann an ball foirne, nó an chatagóir ball foirne lena mbaineann an ball foirne, gníomhaíochtaí gairmiúla in aonad gnó neamhábhartha;";

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1, pointe (f):

"(f) ráiteas réasúnaithe ina mínítear an fáth nach gcomhlíonann an ball foirne, nó an chatagóir ball foirne lena mbaineann an ball foirne, na critéir cháilíochtúla arna mbunú in Airteagal 92(3), pointe (a) agus pointe (b), de Threoir 2013/36/AE agus in Airteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923;";

(f) i mír 1, cuirtear an pointe (g) seo a leanas leis:

"(g) ráiteas cuimsitheach mionsonraithe ina mínítear an fáth nach croí-líne ghnó é an t-aonad gnó mar a shainítear in Airteagal 2(1), pointe (36), de Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) nó mar a shainítear in aon ghníomh tarmligthe a bhfuil sé de chumhacht ag an gCoimisiún é a ghlacadh de bhun Airteagal 2(2) den Treoir sin.

(*) Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat le haghaidh téarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoir 2001/24/CE, Treoir 2002/47/CE, Treoir 2004/25/CE, Treoir 2005/56/CE, Treoir 2007/36/CE, Treoir 2011/35/AE, Treoir 2012/30/AE agus Treoir 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).";

5. leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

"**Na doiciméid a theastaíonn lena dhearbhú nach bhfuil aon tionchar suntasach ag gníomhaíochtaí gairmiúla an bhaill foirne nó na catagóire ball foirne ar phróifíl riosca aonaid gnó ábhartha**";

(b) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

"1. Agus cead roimh ré dá dtagraítear in Airteagal 6(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923 á iarraidh, cuirfidh institiúidí creidmheasa faoi mhaoirseacht na doiciméid seo a leanas faoi bhráid BCE lena dhearbhú nach aon tionchar suntasach ag gníomhaíochtaí gairmiúla baill foirne, nó catagóire ball foirne lena mbaineann an ball foirne, ar phróifíl riosca aonaid gnó ábhartha, dá dtagraítear in Airteagal 6(2)(b) den Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923:";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1, pointe (c):

"(c) cur síos mionsonraithe ar na critéir arna mbunú in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923 a úsáideadh lena mheas nach bhfuil aon tionchar suntasach ag gníomhaíochtaí gairmiúla an bhaill foirne ábhartha, nó na catagóire ball foirne lena mbaineann an ball foirne, ar phróifíl riosca aonaid gnó ábhartha, ina sonrófar conas a cuireadh na critéir sin i bhfeidhm agus conas a cuireadh na táscairí riosca agus feidhmíochta ábhartha go léir a úsáideadh chun críoch tomhais riosca inmheánaigh san áireamh;";

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1, pointe (d):

"(d) ráiteas ina mínítear an fáth ar dhámh an institiúid creidmheasa faoi mhaoirseacht luach saothair a chomhlíonann na critéir arna mbunú in Airteagal 6(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923 don bhall foirne, nó don chatagóir ball foirne lena mbaineann an ball foirne cé nach bhfuil aon tionchar suntasach ag an mball foirne ar phróifíl riosca aonaid gnó ábhartha;";

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1, pointe (e):

"(e) ráiteas réasúnaithe ina mínítear an fáth nach gcomhlíonann an ball foirne ábhartha, nó an chatagóir ball foirne lena mbaineann an ball foirne, na critéir cháilíochtúla arna mbunú in Airteagal 92(3), pointe (a) agus pointe (b), de Threoir 2013/36/AE agus in Airteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923;";

6. leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

"1. Agus cead roimh ré dá dtagraítear in Airteagal 6(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923 á iarraidh i leith ball foirne ar dámhadh luach saothair iomlán EUR 1 000 000 nó níos mó dó nó di sa bhliain airgeadais roimhe sin, cuirfidh institiúidí creidmheasa faoi mhaoirseacht na doiciméid seo a leanas faoi bhráid BCE chun na himthosca eisceachtúla dá dtagraítear in Airteagal 6(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923 a dhearbhú:";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1, pointe (b):

"(b) cur síos mionsonraithe ar aon imthosca eisceachtúla atá nasctha leis an mball foirne ábhartha ina mínítear an fáth ar dhámh an institiúid creidmheasa faoi mhaoirseacht luach saothair EUR 1 000 000 nó níos mó don bhall foirne, cé go dtuairiscítear nach bhfuil tionchar ábhartha ag an mball foirne ar phróifíl riosca na hinstitiúide creidmheasa faoi mhaoirseacht.";

7. scriostar Airteagal 7;

8. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

"*Airteagal 8*

An tréimhse chun iarratais ar chead roimh ré a chur isteach

Cuirfear iarratais ar chead roimh ré dá dtagraítear in Airteagal 6(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923 isteach gan mhoill, agus ar a dhéanaí laistigh de 6 mhí ó dheireadh na bliana airgeadais roimhe sin.";

9. leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

"1. Bunaithe ar an bhfaisnéis a chuimsítear in iarratas ar chead roimh ré dá dtagraítear in Airteagal 6(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923, déanfaidh BCE measúnú orthu seo a leanas:";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1, pointe (b):

"(b) an bonn ar ar dhearbhaigh an institiúid creidmheasa faoi mhaoirseacht go gcomhlíonann an ball foirne lena mbaineann, nó an chatagóir ball foirne lena mbaineann an ball foirne, ceann de na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 6(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923;";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1(c), pointe (i) agus pointe (ii):

"(i) cé acu a chuir nó nár chuir an institiúid creidmheasa faoi mhaoirseacht an coinníoll atá leagtha amach in Airteagal 6(2)(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923 nó a leagtar amach in Airteagal 6(2)(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923, san áireamh go cuí, de réir mar is infheidhme; agus

(ii) cé acu a léirigh nó nár léirigh an institiúid creidmheasa faoi mhaoirseacht maidir leis an mball foirne lena mbaineann, nó leis an gcatagóir ball foirne lena mbaineann an ball foirne, dár cuireadh isteach an t-iarratas ar chead roimh ré dá dtagraítear in Airteagal 6(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923, nach bhfuil aon tionchar aige nó aici ar phróifíl riosca na hinstitiúide creidmheasa faoi mhaoirseacht atá chomh ábhartha céanna leis na catagóirí foirne sin a shonraítear in Airteagal 92(3), pointe (a), pointe (b) nó pointe (c), de Threoir 2013/36/AE;";

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1, pointe (d):

"(d) maidir leis na hiarratais ar chead roimh ré do bhaill foirne dá ndámhadh luach saothair iomlán de EUR 1 000 000 nó níos mó, cibé an bhfuil imthosca eisceachtúla i bhfeidhm nó nach bhfuil. I gcásanna dá leithéid cuirfidh BCE torthaí an mheasúnaithe tosaigh in iúl don Údarás Baincéireachta Eorpach sula ndéanfar aon chinneadh.";

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Eiseoidh BCE cinneadh laistigh de 3 mhí i ndiaidh dó na doiciméid ar fad a fháil.";

(f) scriostar mír 3;

10. in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Beidh cead roimh ré arna dheonú ag BCE, dá dtagraítear in Airteagal 6(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923, teoranta d'fheidhmíocht an bhaill foirne le linn na bliana airgeadais i ndiaidh na bliana inar cuireadh cinneadh maoirseachta BCE ina bhfuil an cead in iúl don institiúid creidmheasa faoi mhaoirseacht.";

Airteagal 2

Forálacha idirthréimhseacha

1. Maidir le fógraí a cuireadh isteach de bhun Airteagal 4(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 604/2014 agus iarratais ar chead roimhe ré a cuireadh isteach de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán Tarmligthe sin a cuireadh isteach roimh an 14 Meitheamh 2021, beidh siad fós faoi réir na nósanna imeachta agus na gceanglas atá leagtha síos i gCinneadh (AE) 2015/2218 (BCE/2015/38) de réir mar a bheidh feidhm acu roimh an dáta a thiocfaidh an Cinneadh sin i bhfeidhm.

2. Maidir le hiarratais ar chead roimhe ré a cuireadh isteach de bhun Airteagal 6(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923 a cuireadh isteach sular tháinig an Cinneadh seo i bhfeidhm, beidh siad faoi réir na nósanna imeachta agus na gceanglas atá leagtha síos i gCinneadh (AE) 2015/2218 (BCE/2015/38) de réir mar a bheidh feidhm acu roimh an dáta a thiocfaidh an Cinneadh sin i bhfeidhm.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an fichiú lá i ndiaidh a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 18 Feabhra 2022.

Uachtarán an BCE
Christine LAGARDE